



An Bhruiséil, 25 Meitheamh 2018
(OR. en)

10447/18

ENV 465	MARE 9
MI 495	AGRI 314
IND 179	TRANS 282
CONSOM 195	ENER 250
COMPET 478	ECO 56
RECH 301	SOC 436
SAN 208	CHIMIE 38
ECOFIN 658	ENT 124

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	25 Meitheamh 2018
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	10221/18 ENV 448 MI 479 IND 174 CONSOM 183 COMPET 466 RECH 296 SAN 198 ECOFIN 631 MARE 8 AGRI 301 TRANS 270 ENER 240 ECO 53 SOC 421 CHIMIE 34 ENT 116
Ábhar:	Beart a dhéanamh maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais don Gheilleagar Ciorclach - Conclúidí ón gComhairle

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3627ú cruinniú dá cuid, ar an 25 Meitheamh 2018.

Beart a dhéanamh maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais don Gheilleagar Ciorclach

- Conclúidí ón gComhairle -

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

AG MEABHRÚ DI:

Straitéis Eoraip 2020 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, a ghlac an Chomhairle Eorpach ar an 17 Meitheamh 2010, agus a Tionscnamh Suaitheanta "An Eoraip atá tíosach ar acmhainní";

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís 2020 - an Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020)¹;

An Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2020 dar teideal "Sinn ag maireachtáil go maith, faoi shrianta ár bpláinéid" (7ú CGC)² le haghaidh geilleagar ísealcharbóin atá tíosach ar acmhainní, glas agus iomaíoch;

An Rún ó Pharlaimint na hEorpa ar "Éifeachtúlacht Acmhainní: conas Geilleagar Ciorclach a bhaint amach"³;

An Rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe den 25 Meán Fómhair 2015 maidir le "I mbun athraithe: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe" agus comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide (COP 21) agus rún 1/5 agus rún 2/7 ó Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEA) maidir le ceimiceáin agus dramhaíl, rún 2/8 maidir le táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe, rún 3/4 maidir leis an gcomhshaol agus sláinte, go sonrach na codanna maidir le ceimiceáin agus dramhaíl agus maidir le tomhaltas agus táirgeacht inbhuanaithe, agus rún 3/7 maidir le bruscar muirí agus micreaphlaistigh; Dearbhú Aireachta UNEA ag an tríú seisiún aige, dar teideal "I dTreo Pláinéad a bheidh Saor ó Thruailliú";

¹ IO L 347 den 20 Nollaig 2013, lch. 104.

² IO L 354 den 28 Nollaig 2013, lch. 171.

³ 2014/2208/(INI).

Na teachtaireachtaí ón gCoimisiún "Nuálaíocht don Fhás Inbhuanaithe - Bithghilleagar don Eoraip"⁴; "An Plean Gníomhaíochta Éiceanuálaíochta" ⁵; "An margadh aonair a thógáil i gcomhair táirgí glasa: lena n-éascaítear faisnéis níos fearr faoi fheidhmíocht chomhshaoil táirgí agus eagraíochtaí"⁶; "An Plean Gníomhaíochta Glas do FBManna"⁷ agus "an Tionscnamh um Fhostaíocht Ghlas"⁸; "*Closing the loop - An EU action plan for the Circular Economy*" [An Ciorcal a shlánú - Plean Gníomhaíochta an Aontais don Gheilleagar Ciorclach]⁹ agus an tuarascáil maidir lena chur chun feidhme¹⁰; "Tionscail na hEorpa a Dhigitiú - Tairbhe a bhaint as sochair iomlána Margaidh Aonair Dhigitigh"¹¹; "Rialachas idirnáisiúnta aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí na n-aigéan"¹²; "*Investing in a smart, innovative and sustainable Industry - A renewed EU Industry Policy Strategy*" [Infheistíocht a dhéanamh i dTionsclaíocht chliste, nuálach, inbhuanaithe - Straitéis athnuaite maidir le Beartas Tionsclaíochta an Aontais]¹³;

Na conclúidí ón gComhairle maidir leis an méid seo a leanas

- bainistiú ábhar inbhuanaithe agus maidir le táirgíocht agus tomhaltas inbhuanaithe¹⁴;
- An Seimeastar Eorpach agus an Straitéis Eoraip 2020 a Ghlasú ¹⁵;
- Treochlár chun go mbeadh an Eoraip Tíosach ar Acmhainní¹⁶;
- An tAontas Eorpach agus Slabhraí Luacha Domhanda atá Freagrach¹⁷;

⁴ 6487/12 - COM(2012) 60 final + ADD 1.

⁵ 18874/11 - COM(2011) 899 final + ADD 1 + ADD 2 + ADD 3.

⁶ 8310/13 - COM(2013)196 final+ ADD 1 + ADD 2.

⁷ 11616/1/14 REV 1 - COM(2014) 440 final + ADD 1 REV 1.

⁸ 11572/14 - COM(2014) 446 final.

⁹ 14972/15 - COM(2015) 614 final+ ADD 1.

¹⁰ 5799/17 + ADD 1 - COM(2017) 33 final.

¹¹ 8100/16 - COM(2016) 180 final + ADD 1.

¹² 14332/16 - JOIN(2016) 49 final + ADD 1.

¹³ 12202/17 + ADD 1 - COM(2017) 479 final.

¹⁴ 17495/10.

¹⁵ 14731/14.

¹⁶ 18346/11.

¹⁷ 8833/16.

- An Ciorcal a shlánú - Plean Gníomhaíochta an Aontais don Gheilleagar Ciorclach¹⁸;
- Cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil trí bhainistiú fóna ceimiceán¹⁹;
- An éiceanuálaíocht: an t-aistriú chuig Geilleagar Ciorclach a chumasú²⁰;
- Tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh don tríú cruinniú de chuid Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe²¹;

AG ATHDHEARBHÚ DI an acmhainneacht a bheadh ag gabháil le fíorgheilleagar ciorclach chun fás inbhuanaithe a bhaint amach agus chun borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais, chun poist a chruthú, chun spleáchas an Aontais ar amhábhair phríomha neamh-inathnuaite a laghdú, chun an ghiniúint dramhaíola a chosc agus a íoslaghdú agus chun éifeachtúlacht acmhainní agus fuinnimh agus lorg laghdaithe comhshaoil a bhaint amach agus ardleibhéal cosanta á áirithiú ag an am céanna do shláinte an duine agus don chomhshaol agus caighdeán chosanta atá ann cheana á n-urramú;

AG FORMHUINIÚ DI an aidhm go mbogfaí i dtreo patrúin an táirgthe agus an tomhaltais inbhuanaithe; AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI go bhfuil an fhreagracht ar gach geallsealbhóir an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh le haghaidh athrú, go háirithe maidir le dearadh, úsáid agus tomhaltas an phlaistigh agus táirgí plaisteacha, i dtreo cur chuige slabhra luacha lena ndéantar saolré iomlán na dtáirgí sin a chur san áireamh;

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR a thábhachtaí atá ord na réiteach dramhaíola maidir le tacú le cur chun feidhme an aistrithe chuig an nGeilleagar Ciorclach, ag tosú le méadú ar chosc, ag ullmhú don athúsáid agus don athchúrsáil, aisghabháil eile dramhaíola, agus diúscairt dramhaíola a íoslaghdú;

¹⁸ 10518/16.

¹⁹ 15673/16.

²⁰ 15811/17.

²¹ 13070/17.

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI go bhfuil dlúthnasc idir athmhachnamh a dhéanamh ar fheidhmiú slabhraí luacha, amhail do phlaistigh, agus timthriallta ábhar neamhthocsaineach ina ndéantar substaintí guaiseacha a íoslaghdú, i gcomhréir go hiomlán leis an sprioc a bhaint amach ceimiceán agus dramhaíl a bhainistiú go fónta ar feadh a saolré, mar a comhaontaíodh le linn Chruinniú Mullaigh Domhanda 2002 maidir le Forbairt Inbhuanaithe a bhí ar siúl in Johannesburg agus ag an gComhdháil Idirnáisiúnta maidir le Bainistiú Ceimiceán maidir le Bainistiú Ceimiceán in Dubai in 2006 a ghlac an Cur Chuige Straitéiseach maidir le Bainistiú Idirnáisiúnta Ceimiceán (SAICM), agus mar a forbraíodh tuilleadh sa doiciméad faoin toradh ar Chomhdháil na Náisiún Aontaithe 2012 maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe dar teideal "An todhchaí atá uainn" agus le déanaí i Rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe in 2015 dar teideal "An domhain a chlaochlú: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe"; AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an ngá atá le próiseas nó sásra trasearnálach a bhunú ar leibhéal an Aontais lena ndéileálfar le rioscaí agus le truailliú ó cheimiceáin ar feadh a saolré chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach agus, ina theannta sin, chun a chuid gealltanais idirnáisiúnta a chomhlíonadh maidir le sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint agus chun an fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach;

Beart a dhéanamh maidir leis an bPlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI na teachtaireachtaí ón gCoimisiún an 16 Eanáir i dtaca le "Straitéis Eorpach maidir le hÁbhar Plaisteach i nGeilleagar Ciorclach, "²², "Cur chun feidhme an phacáiste maidir leis an ngeilleagar ciorclach: roghanna chun aghaidh a thabhairt ar an gcomhéadan idir an reachtaíocht do cheimiceáin, do tháirgí agus don dramhaíl"²³ agus "Creat Faireacháin don Gheilleagar Ciorclach"²⁴; TACAÍONN SÍ le cur chuige an Choimisiúin go ndíreofar gach iarracht agus beartas ar shaolré táirgí chun go n-éascófar an t-aistriú chuig an nGeilleagar Ciorclach agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá aghaidh a thabhairt, ar bhealach níos críochnúla, ar an tsaincheist maidir leis an tomhaltas plaistigh a bhainistiú, le haghaidh úsáidí lena n-imrítear tionchar ar an gcomhshaol;

²² 5477/18 + ADD 1 - COM(2018) 28 final + ADD 2.

²³ 5479/18 - COM(2018) 32 final + ADD 1.

²⁴ 5478/18 - COM(2018) 29 final + ADD 1.

2. MEASANN SÍ go dteastaíonn rannpháirtíocht agus tiomantas réimse leathan beartas agus earnálacha chun go bhféadfaí bearta a chur chun feidhme go rathúil chun an t-aistriú chuig an nGeilleagar Ciorclach a bhaint amach; TUGANN SÍ DÁ hAIRE chomh maith an ról tábhachtach atá ag na rialtais maidir le dreasachtaí a chruthú chun dul i dteagmháil go gníomhach leis an earnáil phríobháideach agus le geallsealbhóirí eile chun bheith tiomanta don Gheilleagar Ciorclach agus chun na sochair a ghabhann le timthriallta acmhainní dúnta a chomhtháthú go hiomlán i slabhra luacha táirgí, próiseas agus seirbhísí agus iompraíocht na dtomhaltóirí á gcur san áireamh;
3. ÁITÍONN SÍ ar an gCoimisiún na gníomhaíochtaí atá beartaithe a chur i bhfeidhm ar bhealach tráthúil, agus rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí uile a áirithiú; SPREAGANN SÍ na Ballstáit bearta iomchuí a bhunú agus a ghlacadh, agus na bearta sin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an straitéis maidir le plaistigh chun cur chuige atá bunaithe ar an tsaolré agus lena dtacaítear leis an aistriú chuig geilleagar níos ciorclaí a chomhtháthú go hiomlán sna beartais agus sna straitéisí ábhartha uile;

An Straitéis Eorpach maidir le Plaistigh

4. CUIREANN SÍ I dTREIS a fhíorthábhachtaí atá an éifeachtúlacht acmhainní don aistriú chuig an nGeilleagar Ciorclach chun luach táirgí, ábhar agus acmhainní sa gheilleagar a choinneáil chomh fada agus is féidir agus chun giniúint dramhaíola a chosc agus a íoslaghdú; CUIREANN SÍ I bhFIOS gur léir gur fiú, ó thaobh cúrsaí gnó de, an chaoi a ndéantar plaisteach, táirgí plaisteacha agus táirgí ina bhfuil páirteanna plaisteacha a dhearadh, a tháirgeadh, a úsáid agus a athchúrsáil san Aontas a chlaohlú, agus athmhachnamh a dhéanamh ar nósanna tomhaltais, agus úsáidí nach bhfuil gá leo a sheachaint, agus MEABHRAÍONN SÍ gurb amhlaidh, ach acmhainn athchúrsála mhéadaithe a bheith ag an Aontas, go rannchuideofar leis an truailliú plaistigh a laghdú, agus ar an gcaoi sin, le hastaíochtaí CO₂ a laghdú freisin, agus déanfar tuilleadh infheistíochta agus beidh deiseanna nua fostaíochta ann mar thoradh air freisin;

5. MEASANN SÍ gur gá forbairt shuntasach a dhéanamh ar an margadh le haghaidh ábhair agus táirgí athchúrsáilte agus nach féidir inbhuanaitheacht eacnamaíoch na gcóras bailithe, sórtála agus athchúrsála a áirithiú ach amháin má thagann méadú ar an éileamh ar amhábhair thánaisteacha; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach féidir brabúsacht an phróisis athchúrsála agus éascú infheistíochtaí a áirithiú ach amháin trí leas a bhaint as ábhair atá oiriúnach don athchúrsáil; MOLANN SÍ, chuige sin, an éicidhearthóireacht i gcás plaistigh agus táirgí plaistigh chun go dtabharfar aird ar cheanglais athúsáide agus athchúrsála ó chéim an deartha ar aghaidh; maidir leis sin, IS FADA LÉI go n-athbhreithneofar agus go neartófar na ceanglais bhunriachtanacha maidir le pacáistiú a chur ar an margadh; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún creat comhtháite don bheartas táirgí, mar a fógraíodh i bPlean Gníomhaíochta an Aontais²⁵, a chur i dtoll a chéile a luaithe is féidir, agus prionsabal na héicidhearthóireachta a leathnú le go gcuimseofar gach grúpa táirgí ann trí rialáil iomchuí táirgí;
6. TUGANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil ardcháilíocht agus sábháilteacht na bplaisteach aisghafa bunriachtanach agus, dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún dlús a chur le forbairt caighdeán cáilíochta don dramhaíl plaisteach sórtáilte agus do phlaistigh athchúrsáilte chun an iontaoibh a chuirtear i margaí na bplaisteach athchúrsáilte a fheabhsú; AITHNÍONN SÍ gur réamhriachtanas i gcónaí é sórtáil agus dí-eiliú na dramhaíola a fheabhsú chun go ndéanfaí méadú ar athchúrsáil plaisteach agus ar tháirgí plaistigh; i ndáil leis an méid sin, TACAÍONN SÍ leis an gCoimisiún treoir a fhorbairt chun go bhféadfar cleachtais níos caighdeánaithe agus níos éifeachtaí a shaothrú maidir le dramhaíl a shórtáil agus a bhailiú ar bhonn leithleach ar fud an Aontais; CUIREANN SÍ I dTREIS an ról atá ag scéimeanna na Freagrachta Leathnaithe Táirgeora, ag córais phríomha sórtála do shruthanna éagsúla dramhaíola agus ag córais éagsúla taisce chun borradh a chur faoin mbailiú leithleach ardcháilíochta agus chun go mbeidh táirgeoirí rannpháirteach thar shaolré iomlán an táirge chun an nuálaíocht a chur chun cinn agus chun comhar sa slabhra luacha a chur chun cinn;

²⁵ 14972/15 + ADD 1 - COM(2015) 614 final.

7. MOLANN SÍ GO LÁIDIR don Choimisiún feabhsú agus éifeachtacht na n-ionstraimí atá ag an Aontas cheana a áirithiú, arb ionstraimí iad atá ábhartha maidir le luach saothair a thabhairt i leith na héiceanuálaíochta i ndearadh agus i nuálaíocht táirgí ó thaobh na hathúsáide, na sórtála agus na hathchúrsála; i ndáil leis an méid sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit féachaint ar na deiseanna atá ann le haghaidh leas a bhaint, i dtáirgeadh plaistigh, as bunábhar malartach a bheidh sábháilte agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil, agus an leas sin a fheabhsú, lena n-áirítear leas a bhaint as bunábhar in-athnuaite bithbhunaithe chun tionchar an phlaistigh ar an athrú aeráide a laghdú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar uirlisí éigeantacha agus deonacha a úsáid i dteannta a chéile chun nuálaíochtaí sistéamacha a éascú;
8. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé feasacht a mhúscailt agus cláir oideachais a sholáthar chun bailiú ceart dramhaíola mar aon le patrúin iompair agus tomhaltais agus táirgthe inbhuanaithe a chur chun cinn agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil ról tábhachtach, chun gur fusa a bheidh sé do thomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh agus chun muinín i dtáirgí athchúrsáilte a fheabhsú, ag an lipéadú leordhóthanach maidir le gnéithe comhshaoil na n-ábhar, na dtáirgí agus na seirbhísí; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuilleadh oibre a dhéanamh i ndáil le rialacha agus sainmhínithe comhchuibhithe maidir le plaisteach agus táirgí plaistigh a lipéadú; SPREAGANN SÍ an Coimisiún agus na Ballstáit an Geilleagar Ciorclach a chur chun cinn trí thacú le gníomhaíochtaí múscailte feasachta a bheidh dírithe ar thomhaltóirí;
9. Is DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil an Coimisiún meáite ar a áirithiú go bhféadfar an phacáistíocht phlaisteach uile a chuirtear ar mhargadh an Aontais a úsáid an athuair nó go bhféadfar í a athchúrsáil ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais de faoi 2030 agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfar na spriocanna agus na ceanglais is déanaí, maidir le hathphacáistiú dramhaíola, a chur chun feidhme; ag an am céanna, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé an t-éileamh ar ábhair athchúrsáilte a spreagadh; AITHNÍONN SÍ an gá atá le fíorú agus cainníochtú oibiachtúil ar ábhar athchúrsáilte; TÁ SÍ AG SÚIL leis an measúnú ón gCoimisiún, ar na gealltanais a rinneadh maidir le hábhar athchúrsáilte agus AONTAÍONN SÍ, más amhlaidh nach mbainfí an cuspóir cainníochtúil amach, a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Straitéis Plaistigh, gur cheart don Choimisiún tús a chur leis an obair ar na chéad chéimeanna eile a d'fhéadfaí a thabhairt, lena n-áirítear gníomhú rialála;

10. IS DÍOL SÁSAIMH DI an togra nua le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol agus TÁ SÍ TIOMANTA a míle dícheall a dhéanamh chun go scrúdófaí go pras é; AITHNÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann le bearta éifeachtacha inbhuanaithe chun dul i ngleic le foinsí bruscar muirí ar talamh agus ar muir agus chun faireachán a dhéanamh agus srian a chur ar bhruscar muirí ar bhealach níos éifeachtaí, lena n-áirítear reachtaíocht maidir le cosaint chomhshaol muirí an Aontais agus bainistiú dramhaíola a chur chun feidhme ar bhealach comhordaithe; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar bruscar muirí agus go háirithe chun an truailliú plaistigh a laghdú sa Mheánmhuir.
11. TACAÍONN SÍ leis na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda chun srian a chur ar an úsáid a bhaintear as micreaphlaistigh a chuirtear le táirgí d'aon ghnó chomh maith le húsáid ocsó-phlaistigh san Aontas agus na gníomhaíochtaí atá beartaithe sa Straitéis i leith Plaisteach maidir le húsáid micreaphlaisteach i dteicstílí, i mbonn carranna agus ó sceitheadh millíní réamhtháirgthe a laghdú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún roghanna a fhiosrú maidir le toirmeasc iomlán a chur ar mhicreaphlaistigh a chuirtear le táirgí d'aon ghnó ar cinnte a scaoilfear amach sa chomhshaol iad agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún freisin bearta nithiúla breise a mholadh chun dul i ngleic le scaoileadh micreaphlaisteach ó fhoinsí móra eile, amhail ceanglais a thabhairt isteach sa Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht agus aghaidh a thabhairt ar mhicreaphlaistigh trí dhoiciméid tagartha na dteicnící is fearr atá ar fáil, agus IARRANN SÍ go gcuirfí leis an taighde agus an nuálaíocht chun sceitheadh neamhbheartaithe micreaphlaisteach sa chomhshaol a laghdú;
12. AITHNÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann le hionstraimí eacnamaíochta chun tacú leis an gcosc ar dhramhaíl agus chun méadú in athúsáid plaistigh agus athchúrsáil a chothú, agus CUIREANN SÍ IN IÚL go bhfuil ról ríthábhachtach ag soláthar poiblí glas (SPG) chun infheistíochtaí a stiúradh agus an t-aistriú go geilleagar ciorclach a spreagadh; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún obair a dhéanamh ar bhearta lena neartófar na ceanglais maidir le soláthar poiblí a bhaineann le húsáid, le hathúsáid agus le hathchúrsáil ábhar plaisteach agus freisin maidir le hábhar athchúrsáilte na dtáirgí plaisteacha agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit cur leis an ngníomhaíocht lena dtacaítear le cur i bhfeidhm níos leithne phrionsabail SPG;

13. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit creat cumasúcháin a chruthú don infheistíocht agus don nuálaíocht i dtaca le saolré táirgí plaisteacha; IS DÍOL SÁSAIMH DI an tacaíocht atá ar fáil maidir leis an nGeilleagar Ciorclach i gcistí agus i gcláir airgeadais an Aontais agus MOLANN SÍ GO LÁIDIR do na Ballstáit agus don earnáil phríobháideach leas gníomhach a bhaint as an tacaíocht sin chun réitigh éiceanuálaíocha a fhorbairt agus a mhargú feadh slabhra luacha iomláine na bplaisteach; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh agus, i gcás inarb iomchuí, tacaíocht bhreise a chur ar fáil i dtreo teicneolaíochtaí nuálacha athchúrsála, lena n-áirítear athchúrsáil ceimiceán, agus acmhainní a fhorbairt san Aontas;
14. Ag aithint di an ról atá ag plaistigh ar fud an domhain, ní mór slabhraí luacha plaisteacha ciorclacha a fhorbairt ar bhonn domhanda, lena dteastófaí córais leordhóthanacha maidir le dramhaíl plaisteach a chosc, plaistigh a bhailiú, a athúsáid agus a athchúrsáil; MEASANN SÍ go bhfuil an tAontas go maith chun an t-aistriú seo a stiúradh agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint de thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht idirnáisiúnta agus do dhea-chleachtais agus iad a chur chun cinn ar fud an domhain; i ndáil leis an méid sin, SPREAGANN SÍ an Coimisiún scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le rialú níos fearr a dhéanamh ar onnmhairiú dramhaíl plaisteach lasmuigh den Aontas chuig tíortha nach féidir a ráthú go ndéanfar cóireáil dramhaíola a chosnaíonn sláinte an duine agus an comhshaol; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún forbairt chaighdeán idirnáisiúnta a chur chun cinn chun borradh a chur faoi mhuinín tionsclaíochta agus tomhaltóirí i gcáilíocht na bplaisteach ath-inúsáidte, in-athchúrsáilte nó athchúrsáilte;
15. IARRANN SÍ ar na Ballstáit geilleagar ciorclach plaisteach a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí déthaobhacha agus iltaobhacha comhair le tríú-tíortha, cuidiú le hiarrachtaí le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna ar an leibhéal domhanda maidir le dramhaíl plaisteach a chosc, plaistigh a athúsáid agus a bhainistiú chomh maith le láithreachtaí substaintí ar díol inné iad i dtáirgí plaisteacha, agus infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí a spreagadh dá réir sin;

An Comh adan idir reachta ocht maidir le Ceimice n, le T airg  agus leis an Dramha l

16. CUIREANN S  I bhFIOS GO L IDIR a th bhachta  at  s  timthrialla  bhar neamhthocsaineach a bhun  , agus chuige sin, IARRANN S  ar an gCoimisi n agus ar na Ballst it, i gcomhar leis an nGn omhaireacht Eorpach Ceimice n na substaint  ar d ol inn  iad ar g  iad a laghd  n  deireadh a chur leo i dt airg  agus i ndramha l, a shainmh ni , agus   mar aidhm leo ciorcla ocht t airg  a chur chun cinn agus ardleibh al cosanta do shl inte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach; LEAGANN S  B IM ar a riachtana  at  faisn is ar shubstaint  ar d ol inn  iad do na gn omhaithe uile agus a riachtana  s  inrianaitheacht na substaint  sin in  bhair, lena n- ir tear na substaint  in earra  allmhairithe, a  irithi  faoi 2030 ar a dh ana , feadh an tslabhra sol athair ar fad, lena n- ir tear oibr ochta  deiridh r ; MEABHRA TEAR DI, faoi Rialach n REACH (Cl r , Meast ireacht,  dar  agus Srianadh Ceimice n), go bhfuil an fhreagracht ar shol athr ir  earra  faisn is a chur ar f il maidir le hearra  ina bhfuil substaint  arb  dar m r inn  iad (SVHCanna), agus go gcomhl ana tear, leis na for lacha sa Treoir R ime Dramha la a comhaonta odh le d ana , na hoibleag id  REACH maidir leis an m id sin; i nd il leis an m id sin,  IT IONN S  ar an gCoimisi n uirlis  comhchuibhithe a fhorbairt chun substaint  ar d ol inn  iad a rian  feadh an tslabhra sol athair, lena n- ir tear oibr ochta  deiridh r , lena gcuirfear c rais faisn ise dhigiteacha agus r itigh dhigiteacha chun cinn;
17. CUIREANN S  I bhFIOS GO L IDIR go gcaitheann amh bhair th anaisteacha i gcoitinne na crit ir ch anna a urram  le hamh bhair phr iomha, ach AITHN IONN S , c  gurb inmhianta d thocsaini  na dramha la ina bhfuil substaint  stairi la mar ch ad rogha chun timthrialla  bhar neamhthocsaineach a bhaint amach, d'fh adfa  gurb iomchu  i gc asanna aonair, maoluithe  irithe ar chrit ir den s rt sin, faoi r ir coinn ollacha, go h irithe teorainneacha ama agus athbhreithni  ar na teorainneacha freisin m s cu  sin, ar choinn oll go nd antar riosca  ar shl inte an duine agus ar an gcomhshaol a rial  go leordh thanach agus a chur in i l mar is ceart; MOLANN S  gn omha ochta  an Choimisi n i dtreo modheola ocht a fhorbairt chun dramha l ina bhfuil substaint  ar d ol inn  iad a bhainisti  agus i gcomhairle leis na Ballst it cine lacha dramha la a shainaithint a bhfuil ceimice in stairi la iontu agus ar f idir iad a athch rs il i sraith srianta feidhmithe sonracha at  s bh ilte don tsl inte agus don chomhshaol;

18. CUIREANN SÍ I bhFÍOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé cothrom na Féinne a áirithiú idir earraí a tháirgtear san Aontas agus earraí a allmhairítear, mar shampla trí úsáid thráthúil srianta agus le forfheidhmiú na reachtaíochta maidir le ceimiceáin, le hearraí agus leis an dramhaíl ag teorainneacha an Aontais a chur chun cinn; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go bhfuil srian ar SVHCanna in earraí allmhairithe i gcás nach gceadaítear na substaintí seo chun earraí comhchosúla a tháirgeadh san Aontas faoi REACH;
19. AITHNÍONN SÍ gur gá ciorclacht táirgí a éascú trí úsáid a bhaint as an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht nó reachtaíocht táirgeshonrach eile, agus MOLANN SÍ do na Ballstáit agus do gheallsealbhóirí modhanna deonacha a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil a dheimhniú, nuair is féidir, agus smaoineamh ar chur chuige deonach chun dea-chleachtais a mhalartú maidir le hábhair ina bhfuil substaintí ar díol inní iad a ionadú ag céim an deartha; LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé roghanna eile inbhuanaithe a cheapadh, lena n-áirítear réitigh neamhcheimiceáin d'ábhair agus do shubstaintí ag an gcéim deartha agus ardleibhéal cosanta á áirithiú do shláinte an duine agus an chomhshaoil;
20. TACAÍONN SÍ GO LÁIDIR le cur chun feidhme éifeachtach na gcritéar deireadh dramhaíola agus rialacha maidir le fotháirgí agus leis na hiarrachtaí lena gcomhchuibhiú agus a gcur i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais ag tosú leis na sruthanna dramhaíola is tábhachtaí; IS MIAN LÉI go ndéanfaí treoirlínte a bhunadh lena gcuirfear dea-chleachtais agus rialacha comhchuibhithe chun cinn chun idirdhealú follasach a dhéanamh idir stádas dramhaíola agus ábhair, rud a laghdódh an t-ualach atá ar na hoibrithe mar nach mbeadh orthu dhá sraith rialacha a chomhlíonadh;
21. CUIREANN SÍ I bhFÍOS GO LÁIDIR gur gá cur chuige níos comhsheasmhaí a áirithiú idir rialacha aicmithe ceimiceán agus dramhaíola; IS DÍOL SÁSAIMH DI an treoir theicniúil nua maidir le haicmiú dramhaíola agus obair an Choimisiúin maidir le comhchuibhiú na modhanna tástála;
22. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá na hiarrachtaí domhanda maidir le bainistiú fóna ceimiceán agus dramhaíola, go háirithe iad sin a chinntear agus a dhéantar trí Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, Coinbhinsiúin Basel, Rotterdam, Stócólm agus Minamata, agus SAICM; MOLANN SÍ GO LÁIDIR don Choimisiún agus do na Ballstáit leanúint de bheith ag cur go gníomhach lena bhforbairt agus lena gcur chun feidhme agus leis an bpróiseas leantach i dtreo bainistiú fóna ceimiceán agus dramhaíola i ndiaidh 2020 a dhéantar faoi choimirce SAICM;

23. MOLANN SÍ GO LÁIDIR don Choimisiún gníomhaíochtaí nithiúla a fhorbairt tuilleadh chun bacainní teicniúla, airgeadais agus margaidh, lena gcuirtear cosc ar athchúrsáil agus úsáid amhábhair tánaisteach, a bhaint, lena n-áirítear modhanna éifeachtacha chun láithreach substaintí ar díol inní iad a sheachaint, a bhaint nó a laghdú an oiread agus a luaithe is féidir chun timthriallta ábhair neamhthocsaineach a áirithiú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún seiceáil oiriúnachta ar an reachtaíocht ceimiceán uile ach amháin REACH a thabhairt i gcrích go pras agus straitéis uailmhianach uileghabhálach a fhorbairt i ndlúthchomhar leis na Ballstáit do chomhshaol neamhthocsaineach i gcomhréir leis an 7^ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil agus an clár oibre maidir le Rialáil Níos Fearr, ag cur leis na conclúidí agus na torthaí príomha ó phróisis cheimiceáin atá ar bun faoi láthair;

Faireachán agus obair leantach

24. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an tábhacht a bhaineann leis an gcreat faireacháin chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo Geilleagar ciorclach ísealcharbóin atá sábháilte, inbhuanaithe agus tíosach ar acmhainní; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuilleadh feabhais a chur ar na táscairí atá beartaithe nó breithniú a dhéanamh ar cinn nua a fhorbairt chun saolré iomlán na dtáirgí agus na seirbhísí a chumhdach i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, agus an úsáid is fearr a bhaint as na hionstraimí agus na tionscnaimh inbhuanaitheachta;
25. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil i scríbhinn a chur ar fáil don Chomhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, lena n-áirítear na bearta a bheartaítear sa Straitéis i leith Plaisteach agus torthaí an chomhairliúcháin agus na mbeart chun aghaidh a thabhairt ar an gcomhéadan idir reachtaíocht maidir le Ceimiceán, Táirgí agus Dramhaíl;
26. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún gach iarracht a dhéanamh chun ardleibhéal tiomantas polaitiúil a choinneáil chun go gcuirfí an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach ina iomláine chun feidhme ar bhealach uailmhianach; LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé bearta agus uirlisí inbhuanaithe maidir le hídíú agus táirgeadh a mholadh agus a chur chun feidhme i réimsí a áirítear sa chéad chéim den Phlean Gníomhaíochta; ag cur san áireamh go gcumhdaítear leis na bearta faoin bPlean Gníomhaíochta an tréimhse ama go 2018, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta agus é a fhorbairt tuilleadh i ndlúthchomhar leis na Ballstáit.

=====